Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**9860/25**

**LIMITE**

**CORLX 548**
**CFSP/PESC 830**
**CSDP/PSDC 355**
**COAFR 125**
**CONUN 81**
**EUTM RCA 6**
**CSC 274**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/610 maidir le misean CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) |

**CINNEADH (CBES) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/610 maidir le misean CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA)**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Aibreán 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/610[1], lenar bunaíodh Misean CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA), le sainordú go dtí an 19 Meán Fómhair 2018.

(2) An 6 Meán Fómhair 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/2396[2], lenar cuireadh síneadh le EUTM RCA go dtí an 19 Meán Fómhair 2025.

(3) An 30 Aibreán 2025, i gcomhthéacs an Athbhreithnithe Straitéisigh ar EUTM RCA, d'aontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur cheart síneadh a chur le sainordú EUTM RCA go dtí an 19 Meán Fómhair 2026 agus gur cheart roghanna a bheith in Athbhreithniú Straitéiseach a dhéanfar go luath in 2026 maidir le todhchaí an Mhisin.

(4) Ba cheart Cinneadh (CBSC) 2016/610 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh (CBES) 2016/610 ón gComhairle an 19 Aibreán 2016 maidir le misean CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) (IO L 104, 20.4.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/610/oj).

[2] Cinneadh (CBES) 2024/2396 ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2024 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/610 maidir le Misean CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) (IO L, 2024/2396, 6.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2396/oj).



PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/610 mar a leanas:

(1) In Airteagal 10, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘8. EUR 11 400 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chostais choiteanna EUTM RCA don tréimhse ón 20 Meán Fómhair 2025 go dtí an 19 Meán Fómhair 2026. Is é a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha sin dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509, 0 % le haghaidh gealltanas agus 0 % le haghaidh íocaíochtaí.’;

(2) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Faoi réir Athbhreithniú Straitéiseach a bheidh le déanamh go luath in 2026, tiocfaidh deireadh le sainordú EUTM RCA an 19 Meán Fómhair 2026.’.

PUBLIC

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

PUBLIC